ParlEU2013.ie
Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh
An Ghné Pharlaiminteach
Irish Presidency of the Council of the European Union
Parliamentary Dimension

06 Feabhra 2013

**Cuireadh chuig an gComhdháil Idirpharlaiminteach ar an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála agus ar an gComhbheartas Slándála agus Cosanta**
**24 ⁊ 25 Márta 2013**

A Chomhghleacaí, a chara,

Mar Chathaoirligh an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas, is mór an pléisiúr dúinn cuireadh a thabhairt duit chuig an gcruinniú den Chomhdháil Idirpharlaiminteach ar an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála agus ar an gComhbheartas Slándála agus Cosanta, a thionólfar i mBaile Átha Cliath mar chuid den ghné pharlaiminteach d'Uachtaránacht AE na hÉireann.

Tionólfar an cruinniú Dé Domhnaigh agus Dé Luain an 24 agus an 25 Márta 2013 i dtimpeallacht stairiúil Chaisleáin Bhaile Átha Cliath. Is é an Ceann Comhairle Dháil Éireann a bheidh ina n-óstaigh don dinnéar tráthnóna Dé Domhnaigh an 24 Márta 2013, agus is iad Cathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus Cathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas a bheidh ina n-óstaigh don dinnéar tráthnóna Dé Luain an 25 Márta 2013.

Tá an dréachtchlár oibre agus foirm chlárúcháin don chruinniú faoi iamh. Féadfar áirithintí óstáin a dhéanamh ar líne tríd an suíomh gréasáin: http://cms.ihfhousingbureau.com/ENG/event24_24Mar13.html.
Cinntigh, le do thoil, go ndéanfar áirithintí óstáin agus clárúcháin a luaithe is féidir agus faoi 1 Márta 2013 ar a dhéanaí. Cuirfear doiciméadacht bhreise maidir leis an ócáid chuig na toscaireachtaí sna seachtainí amach romhainn.

Táimid ag súil le fáilte a chur romhat go Baile Átha Cliath i mí an Mhárta.

Is sinne le meas,

Pádraig Ó Briain, T.D.,
Cathaoirleach
an Chomhchoiste Oireachtais
um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil

Daithí Standúin, T.D.,
Cathaoirleach
an Chomhchoiste Oireachtais
um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas